AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.2.2021
COM(2021) 40 final

2017/0237 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis**

**an seasamh ón gComhairle i dtaca le hathmhúnlú Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

2017/0237 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis**

**an seasamh ón gComhairle i dtaca le hathmhúnlú Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle<br>(doiciméad COM(2017) 548 final – 2017/0237 (COD): | 27/09/2017 |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | 18/01/2018 |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | 15/11/2018 |
| An dáta a tíolacadh an togra leasaithe: | Ní bhaineann le hábhar |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | 25/01/2021 |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Níor mhol an Coimisiún go ndéanfar athbhreithniú iomlán ar an Rialachán maidir le Cearta Paisinéirí Iarnróid ach go ndéanfar athmhúnlú air chun go nglacfar go pras na codanna fíor-riachtanacha seo a leanas:

Díolúintí: Leis an togra reachtach, rinneadh iarracht (a) dul in éag na ndíolúintí le haghaidh seirbhísí intíre a thabhairt chun tosaigh (faoi na rialacha is infheidhme atá ann faoi láthair, ba cheart deireadh a chur leis na díolúintí faoi 2024); agus (b) go gcumhdófar seirbhísí trasteorann uirbeacha, fo-uirbeacha agus réigiúnacha faoi na rialacha maidir le cearta paisinéirí iarnróid i gcónaí.

Tréthicéid: I gcomhréir leis an 4ú pacáiste iarnróid, rud a fhágann faoi na Ballstáit a chinneadh an mian leo rialacha níos déine a chur i bhfeidhm maidir le tréthicéadú, agus ina bhforáiltear gur cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí margaidh gaolmhara go dtí 2022, ní dhírítear sa togra athmhúnlaithe ach ar chur le ceart na bpaisinéirí chun faisnéise. I gcás nach gcuirtear paisinéirí ar an eolas i gceart nach bhfuil ach ticéid ar leith ceannaithe acu, ba cheart glacadh leis gur tréthicéad iad na ticéid sin, tréthicéad lena mbaineann cosaint chuimsitheach i gcásanna briseadh seirbhíse iompair.

Clásal *Force Majeure*: Sular thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais rialú uaithi in 2013[1], thuig na páirtithe leasmhara go coitianta gur ann do chlásal *force majeure* sa Rialachán, clásal lena ndéantar iompróirí a dhíolmhú ó chúiteamh. Tar éis an rialaithe, mheas gnóthais iarnróid go raibh idirdhealú á dhéanamh ina n-aghaidh le hais oibreoirí iompair eile a dtéann na díolúintí *force majeure* chun tairbhe dóibh. Dá bhrí sin, mhol an Coimisiún foráil den sórt sin a thabhairt isteach, foráil lena mbaineann raon feidhme cúng a chumhdaíonn dálaí adhaimsire agus mórthubaistí nádúrtha. Bhí sé mar aidhm ag an togra reachtach cothrom iomaíochta, cothroime dhlíthiúil, comhréireacht agus comhsheasmhacht le modhanna iompair eile a áirithiú.

Daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe acu: I gcomhréir leis na gealltanais arna ndéanamh faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), is é is aidhm don togra reachtach a áirithiú nach bhféadfaidh na Ballstáit soláthar cúnaimh agus cúiteamh i leith damáiste do threalamh soghluaisteachta a dhíolmhú a thuilleadh. Ní mór faisnéis a sholáthar i bhformáidí inrochtana i gcomhréir leis na ceanglais a bheartaítear san Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht[2]. Ní mór oiliúint a chur ar bhaill foirne iarnróid dá réir sin. Chuirfeadh sé sin le cuimsitheacht an taistil iarnróid.

Ós rud é nár lean na comhreachtóirí na rialacha a leagtar síos i dtaca le nósanna imeachta athmhúnlaithe agus gur mhol siad roinnt leasuithe maidir le forálacha nár cuireadh san áireamh sa togra reachtach iad, is cosúil nach raibh aidhm thosaigh an Choimisiúin chun roinnt príomhfhorálacha a ghlacadh go pras indéanta a thuilleadh. Dá bhrí sin, le linn na caibidlíochta, thacaigh an Coimisiún leis na comhreachtóirí chun teacht ar réitigh, réitigh a d'fhéadfadh tuilleadh forbartha ar sheirbhísí iarnróid do phaisinéirí a dhreasú, lena n-áirítear an margadh ticéadaithe. Dhírigh an Coimisiún a chuid iarrachtaí go háirithe ar oibleagáid a bhaineann le tréthicéid a thabhairt isteach, ar fhaisnéis fíor-ama a sholáthar, ar an gceart chun féin-athródaithe, ar rothair a iompar ar bord na traenach, ar laghdú ar amanna réamhfhógra do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus ar an sásra láimhseála gearán a shoiléiriú.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE

Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a glacadh an 25 Eanáir 2021, tacaítear le príomhchuspóir an togra ón gCoimisiún, i.e. feabhas foriomlán i dtaca le cearta paisinéirí a áirithiú, agus, an tráth céanna, cothromaíocht chuí a áirithiú ann idir leasanna na bpaisinéirí agus leasanna an tionscail iarnróid. Na feabhsuithe seo a leanas, is iad na príomhfheabhsuithe ar an gcreat reachtach atá ann faoi láthair:

(1) Soláthar faisnéise maidir le taistil fíor-ama agus trácht

Comhaontaíonn an Chomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún gur cheart do bhainisteoirí bonneagair agus gnóthais iarnróid faisnéis maidir le taistil fíor-ama agus trácht a sholáthar do rannpháirtithe eile i slabhra na seirbhísí iarnróid (i.e. do chuideachtaí iarnróid eile, do bhainisteoirí stáisiúin, do dhíoltóirí ticéad agus do thionscnóirí turas). Más rud é nach bhfuil sé indéanta, go teicniúil, ag bainisteoir bonneagair sonraí fíor-ama a dháileadh ar aon eintiteas, d'fhéadfadh an Ballstát féin díolúine a chur i bhfeidhm, ar feadh uastréimhse naoi mbliana, agus déanfaidh sé athmheasúnú ar an gcás gach dhá bhliain. I dtaca leis sin, cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi na cúiseanna leis an díolúine agus faoi na bearta a dhéantar nó a bheartaítear chun an cás a leasú.

Is díol sásaimh don Choimisiún go dtabharfar isteach an fhoráil sin. Leis an fhoráil, d'fhéadfadh aon idirdhealú idir paisinéirí a sheachaint, paisinéirí a mbeadh an leibhéal

[1] Cás C-509/11, *ÖBB-Personenverkehr*, §§ 38-42.

[2] Treoir Uimh. 2019/882 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí.

cáilíochta céanna agus an leibhéal faisnéise fíor-ama céanna ar fáil dóibh anois, is cuma cé acu ón iompróir iarnróid go díreach, nó ó chuideachta idirmheánach, a cheannaigh siad an ticéad. Thairis sin, dá dtabharfaí rochtain ar fhaisnéis taistil agus ar oibriú córas áirithinte, chuirfí ar chumas díoltóirí ticéad agus tionscnóirí turas táirgí ticéadaithe níos nuálaí a fhorbairt, rud a chuirfeadh leis an dinimic laistigh den mhargadh ticéadaithe iarnróid.

(2) Tréthicéid

'Gnóthais aonair' a thairgeann seirbhísí iarnróid idirnáisiúnta, intíre fadachair agus réigiúnacha, cuirfidh siad na seirbhísí sin ar fáil i bhfoirm 'tréthicéid', lena ndéanfar foráil maidir le cosaint níos fearr do phaisinéirí i gcásanna briseadh seirbhíse iompair. Tuigtear le 'gnóthas aonair' ní amháin cuideachtaí aonair ach daoine dlítheanacha ar leith freisin, iad gaolta trína mbeith bunaithe ar chritéar úinéireachta 100 %.

Is oth leis an gCoimisiún nárbh fhéidir, ag an gcéim seo d'fhorbairt an mhargaidh iarnróid, a shuí gur cheart an 'gnóthas aonair' a shainmhíniú i ndáil leis an gcritéar maidir le 'rialú agus tionchar cinntitheach'. Mar sin féin, ós rud é go dtéann an comhréiteach ar thángthas air thar a raibh sa togra reachtach cheana féin agus gur céim dhearfach eile é chun cosaint do phaisinéirí a áirithiú, is díol sásaimh don Choimisiún an oibleagáid nua atá ar 'gnóthais aonair' tréthicéid a thairiscint le haghaidh a seirbhísí iarnróid.

(3) Ticéid a chuachtar ar thionscnamh na miondíoltóirí féin

I gcás ina ndéanann díoltóirí ticéad nó tionscnóirí turas ticéid a chuachadh ar a dtionscnamh féin gan an paisinéir a bhfuil nascsheirbhísí iarnróid ceannaithe aige in aon idirbheart tráchtála amháin a chur ar an eolas nach tréthicéad é sin, ba cheart an miondíoltóir a bheith faoi réir dliteanais mhéadaithe i gcásanna briseadh seirbhíse iompair.

D'áiritheofaí leis an bhforáil sin go mbeadh an tairiscint fheabhsaithe de roghanna taistil ina nascsheirbhísí praiticiúla do phaisinéirí. Is díol sásaimh don Choimisiún an fhéidearthacht nach mbeadh ceangal ar dhíoltóirí ticéad ná ar thionscnóirí turas gan ach táirgí atá ar fáil ó ghnóthais iarnróid cheana féin a dhíol.

(4) An ceart chun féin-athródaithe

De réir na forála nua sin, mura dtairgfidh an gnóthas iarnróid réiteach i ndáil le hathródú ná le leanúint ar aghaidh leis an turas laistigh de 100 nóiméad ó bhriseadh seirbhíse iompair, beidh sé de cheart ag an bpaisinéir modh iompair phoiblí mhalartaigh (iarnród nó bus) a thógáil agus aisíocaíocht a fháil ón iompróir tosaigh maidir leis an gcostas riachtanach, iomchuí agus réasúnach arna thabhú as an ticéad malartach.

Is díol sásaimh don Choimisiún an riail sin, ós rud é go dtabharfadh sé dreasachtaí breise do ghnóthais iarnróid chun réitigh thráthúla a chur ar fáil, ionas go gcuirfear ar chumas an phaisinéara a c(h)eann scríbe deiridh a bhaint amach. Féadfaidh comhar níos fearr idir iompróirí a bheith mar thoradh ar an bhforáil seo freisin.

(5) Réamhfhógraí do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe

Is díol sásaimh don Choimisiún an riail maidir le daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, riail lena ndéanfadh na daoine sin a n-iarrataí ar chúnamh a thíolacadh laistigh de 24 uair an chloig amach anseo, in ionad 48 uair an chloig mar atá faoi láthair. Má chinneann an Ballstát réamhfhógraí laistigh de 36 uair an chloig a chur i bhfeidhm, go dtí an 30 Meitheamh 2026, ba cheart dó an Coimisiún a chur ar an eolas faoin gcinneadh sin agus faoi na cúiseanna agus na bearta a ghlacfar ina leith sin freisin.

(6) Rothair a iompar ar bord na traenach

Is díol sásaimh don Choimisiún an riail go n-áireofar, amhail ó 2025, le nósanna imeachta

soláthair le haghaidh rothstoc nua agus le móroibreacha cothabhála le haghaidh traenacha i gcúrsaíocht ceanglais maidir le spásanna a chuirfear in áirithe chun rothair a iompar. Ba cheart do ghnóthais iarnróid líon leordhóthanach spásanna a chuirfear in áirithe le haghaidh rothar a shocrú tar éis comhairliúcháin phoiblí. I bprionsabal, níor cheart níos lú ná ceithre spás a bheith i gceist leis na spásanna sin. D'fhéadfadh na Ballstáit líon níos airde (ná ceithre cinn) spásanna a iarraidh, ar spásanna iad a chuirfear in áirithe chun rothair a iompar. Thacódh an fhoráil sin le réitigh taistil atá glas agus ilmhódach. Tá sé dearfach go háirithe sa dóigh go mbeadh an fhoráil sainordaitheach, fiú i gcás seirbhísí réigiúnacha díolmhaithe.

(7) Láimhseáil gearán

Is díol sásaimh don Choimisiún na soiléirithe a tugadh isteach ar an sásra láimhseála gearán, lena n-áirítear an fhoráil maidir leis an gcomhar idir Comhlachtaí Náisiúnta Forfheidhmithe agus le 'príomhchomhlacht' a ainmniú le haghaidh cásanna casta. I dteannta na n-iompróirí iarnróid uile, ba cheart do bhainisteoirí stáisiúin ar stáisiúin mhóra sásra láimhseála gearán a shocrú anois freisin. Comhaontaíonn an Coimisiún freisin foirm chúitimh agus aisíocaíochta a fhorbairt ar fud an Aontais, agus ba cheart an fhoirm sin a bheith i bhformáid inrochtana do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

(8) Clásal Force Majeure

Mhol an Coimisiún clásal '*force majeure*', clásal atá teoranta do dhálaí adhaimsire agus do mhórthubaistí nádúrtha. Mar sin féin, léirigh ráig COVID-19 gur cheart 'mór-rioscaí don tsláinte phoiblí' a mheas mar imthosca urghnácha freisin. Is féidir leis an gCoimisiún a chomhaontú go bhféadfadh imeachtaí eile (mar shampla, ionsaithe sceimhlitheoireachta nó bearta forfheidhmithe dlí) iompróirí iarnróid a shaoradh ó dhliteanas i leith cúiteamh a íoc i gcásanna moilleanna, naisc a chailleadh agus cealuithe. Sa chlásal '*force majeure*' atá beartaithe, luaitear go soiléir nach ndéanfadh iompróirí a shaoradh ach ó chúiteamh a íoc (de bhrí nach ndéanfar aon difear do chearta eacnamaíocha eile na bpaisinéirí). I bhfianaise roinnt cásanna cúirte a bhaineann le cearta aerphaisinéirí in 'imthosca urghnácha', is díol sásaimh don Choimisiún an soiléiriú nach bhféadfaí glacadh leis an méid seo a leanas mar 'imthosca urghnácha': stailceanna fhoireann an iompróra, gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith gnóthais iarnróid eile a bhaineann úsáid as an mbonneagar céanna, agus gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith bainisteoirí stáisiúin agus bainisteoirí bonneagair.

(9) Díolúintí agus infheidhmeacht

Is oth leis an gCoimisiún nach mbeadh na rialacha nua infheidhme ach tar éis idirthréimhse ghinearálta 24 mhí. An fhoráil a bhaineann leis na nósanna imeachta soláthair, ar foráil í ar cheart a áirithiú go mbeidh spásanna tiomnaithe ann chun rothair a iompar, bheadh feidhm aici tar éis idirthréimhse 48 mí. Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, go mbeidh gá leis an idirthréimhse, de réir an tionscail iarnróid, chun bearta ullmhúcháin a chur i bhfeidhm, bearta a bhaineann leis na rialacha nua.

Tá amhras ar an gCoimisiún faoin bhféidearthacht (a) cúig bliana a chur leis na díolúintí is infheidhme atá ann faoi láthair le haghaidh seirbhísí iarnróid intíre; agus (b) seirbhísí trasteorann réigiúnacha a dhíolmhú gan teorainn ama, agus ar an gcaoi chéanna, seirbhísí trasteorann uirbeacha agus fo-uirbeacha. Mar sin féin, mhaolófaí an staid a bheadh ann de dheasca dhíolmhú na seirbhísí sin, tríd na nithe seo a leanas:

– Leis na díolúintí le haghaidh seirbhísí intíre fadachair: (i) ní chuirfí srian ach ar aon cheann déag de na Ballstáit sin a chuireann na díolúintí sin i bhfeidhm faoi láthair; (ii) dheonófaí iad ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana tar éis do na díolúintí is infheidhme atá ann faoi láthair dul in éag; agus (iii) cé go mbeidh feidhm fós ag forálacha uile an Rialacháin, ní fhéadfaí ach cúig fhoráil (forálacha a mheasfar gurb iad na forálacha is troime ó thaobh

airgeadais de) a dhíolmhú;

- Díolúintí le haghaidh seirbhísí uirbeacha, fo-uirbeacha agus réigiúnacha: leis an togra reachtach, rinneadh iarracht a áirithiú nach bhféadfar seirbhísí iarnróid trasteorann a dhíolmhú. Ní fhéadfaí é sin a bhaint amach ach, ar a laghad, beidh níos mó forálacha sainordaitheach anois, i gcás ina gcinnfeadh na Ballstáit – i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta – na seirbhísí sin a dhíolmhú ón Rialachán.

Maidir le seirbhísí réigiúnacha, is mór ag an gCoimisiún gur áiríodh tuilleadh forálacha breise mar fhorálacha sainordaitheacha. Baineann sé sin leis na forálacha uile a leagtar síos i gCaibidil V maidir le cosaint do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, agus an ceart chun rothar a iompar. Thairis sin, na forálacha tábhachtacha maidir le tréthicéid agus le féin-athródaithe, tá siad i measc na bhforálacha sainordaitheacha freisin, cé go bhféadfadh na Ballstáit an cur i bhfeidhm sainordaitheach sin a chur ar athló ar feadh cúig bliana tar éis dháta infheidhmeachta na rialacha nua.

Go dtí seo, na Ballstáit a chinn seirbhísí uirbeacha, fo-uirbeacha agus réigiúnacha a dhíolmhú ón Rialachán, d’fhéadfadh siad cinneadh den sórt sin a dhéanamh gan teorainn ama.

## 4. CONCLÚID

Measann an Coimisiún go méadófar leibhéal foriomlán cosanta do phaisinéirí iarnróid leis na rialacha nua atá liostaithe thuas agus, an tráth céanna, go n-áiritheofar leo go mbeidh cothromaíocht iomchuí ann le riachtanais an tionscail iarnróid, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht gnóthais iarnróid a dhíolmhú ó dhliteanas i leith cúiteamh a íoc i gcásanna nach bhféadfadh an t-iompróir iarmhairtí na ‘n-imthosca urghnácha’ a chosc nó a sheachaint.

De ghrá an chomhréitigh, is féidir leis an gCoimisiún glacadh leis an réiteach ar thángthas air maidir le seirbhísí iarnróid áirithe a dhíolmhú ó rialacha an Rialacháin agus ó na hidirthréimhsí atá beartaithe. Glacann an Coimisiún leis an seasamh ón gComhairle agus, ar an tslí sin, tugtar caoi do Pharlaimint na hEorpa an téacs deiridh a ghlacadh ar an dara léamh. Go deimhin, leis na forálacha nua atá beartaithe, thiocfaí feabhas ar an leibhéal cosanta do phaisinéirí iarnróid i gcomparáid leis an gcreat atá ann faoi láthair maidir le cearta paisinéirí iarnróid. Leis na rialacha sin, meastar freisin go ndreasófar dinimic nua sa mhargadh ticéadaithe iarnróid, go háirithe trína cheadú go ndéanfar ticéid nua atá níos nuálaí a chuachadh agus a thairiscint do phaisinéirí. Thairis sin, féadfaidh na forálacha cur le comhar níos fearr idir iompróirí, agus chomh maith leis sin, i bhfianaise cheart nua na bpaisinéirí chun féin-athródaithe. Féadfaidh na torthaí a bhainfear amach roinnt réiteach úsáideach a mholadh, ar torthaí iad a fhéadfaidh a chur san áireamh sa mheastóireacht leanúnach atá ann faoi láthair ar an gcreat reachtach maidir le cearta paisinéirí is infheidhme i dtaca le modhanna iompair eile.